

Rannóg Pholasáí,
Curaclaim agus Measúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Scileanna,
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Atha Cliath 1



Curriculum and Assessment
Policy Unit,
Department of Education and
Skills
Marlborough Street
Dublin 1

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Bhunscoileanna agus
Scoileanna Speisialta agus chuig
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)**

**Eolas maidir le Gníomhartha faoin Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta
agus maidir le Triail Chaighdeánaithe, Tuairisciú, Tacaíocht Leabharlainne agus Nithe Eile**

Bliain Acadúil 2014/15 agus na Blianta ina Diadh

Imlitir 0027/2015

1. Pas Oideachais

Mar a luadh in Imlitir 45/2014, d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) sraith ábhar chun tacú le tuairisciú agus aistriú sonraí daltaí ó bhunscoileanna go dtí iarbhunscoileanna. Tá na hábhair curtha i láthair faoin scáth-theideal "Pas Oideachais" agus tá siad ar fáil ar www.ncca.ie/transfer. Cuireadh na hábhair seo ar fáil ar bhonn roghnach do bhliain acadúil 2013/14.

Ón mbliain acadúil seo de 2014/15 ar aghaidh, ní mór do scoileanna ábhair Pas Oideachais an CNCM a úsáid chun tacú le tuairisciú agus aistriú sonraí daltaí ag deireadh rang a sé. Ba chóir an Pas Oideachais a chur chuig an iarbhunscoil chuí tar éis dheimhniú an rollaithe agus, go hidéalach, faoi dheireadh mhí an Mheithimh sula dtosaítear sa dara leibhéal.

Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith sa Phas Oideachais

- An *Teimpléad chaighdeánach de Chárta Tuairisce Rang 6* atá le comhlánú ag scoileanna.
- An bhileog *Mo Phróifíl* atá le comhlánú ag daltaí i mbunscoileanna sula roinntear í lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- An bhileog *Próifíl Mo Pháiste* atá le comhlánú ag tuismitheoirí/caomhnóirí. Ba chóir í seo a chur in éineacht leis an mbileog *Mo Phróifíl* chuig tuismitheoirí/caomhnóirí faoi dheireadh an dara seachtain i mí an Mheithimh ar a dhéanaí. Féadfaidh tuismitheoirí *Próifíl Mo Pháiste* a chomhlánú más mian leo é sin a dhéanamh. Ba chóir don bhunscoil *Próifíl Mo Pháiste*, má dhéantar í a chomhlánú, in éineacht le bileog *Mo Phróifíl* de chuid an dalta agus *Cárta Tuairisce Rang 6* a chur ar aghaidh chuig an iarbhunscoil.

Is é an CNCM a d'fhorbair na hábhair Pas Oideachais, tar éis tréimhse fairsinge rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, chun tacú leis an déchuspóir maidir le tuairisciú chuig tuismitheoirí agus sonraí daltaí a aistriú go dtí iarbhunscoileanna a luaithe is a dheimhnítear an rollú.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi riaracháin an Phas Oideachais, ba chóir do scoileanna féachaint ar na Ceisteanna Coitianta ar www.ncca.ie/transfer.

2. An Triail Chaighdeánaithe i mBunscoileanna – Tuairisceáin do 2014/15

Gabhaimid buíochas leat as comhoibriú linn go leanúnach agus torthaí do thrialach caighdeánaithe a chur ar fáil ar an gcóras Esinet ar líne. D'fhreagair na scoileanna **UILE** anuraidh agus tugaimid aitheantas d'obair sin na bhfoirne scoile maidir leis seo.

Beidh maoiniú faighte agat le déanaí le haghaidh thriail chaighdeánaithe na bliana 2014/15. Is féidir an maoiniú seo a chaitheamh le hionstraimí agus ábhair trialach a cheannach amhail treoirleabhair do mhúinteoirí, seirbhísí triailscórála nó bogearraí trialach atá á gcur ar fáil ag soláthraithe trialach. Má bhíonn barrachas maoinithe ann tar éis costais na trialach caighdeánaithe a ghlanadh, féadfar é a chaitheamh ar thástáil dhiagnóiseach de réir riachtanais na scoile.

Le linn mhí Bealtaine/an Mheithimh 2015, ba chóir duit na trialacha a dhéanamh de réir imlitreacha 0056/2011 agus 0018/2012 atá ar fáil ar www.education.ie. Ní mór torthaí na dtrialacha sin a uaslódáil ar Esinet ar an **19^ú Meitheamh 2015** nó roimhe sin.

Tá treoir **Céim ar Chéim** maidir leis na tuairisceáin a uaslódáil san **aguisín** a ghabhann leis seo. **Tá sé fíorthábhachtach do na scoileanna uile, scoileanna speisialta nó scoileanna naíonán nach bhfuil an dara rang acu san áireamh, go léann agus go leanann siad na treoracha san aguisín, más infheidhme.**

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna maidir lena ndualgais tuairiscithe i gCuid 7 d'Imlitir 0056/2011: Torthaí Measúnaithe a Thuairisciú agus a Úsáid chun Foghlaim Daltaí a Fheabhsú. Áirítear leo sin:

- Tuairisciú do thuismitheoirí: Cuirtear i gcuimhne do scoileanna gur chóir dóibh tuairisceí scríofa a thabhairt dá dtuismitheoirí agus neart ama roimh shaoire an tsamhraidh le go mbeidh deis réasúnach ag tuaismitheoirí cruinnithe a lorg leis an bpríomhoide agus/nó le múinteoir(í) chun an tuairisc scríofa a phlé, más gá.
- Teimpléid a úsáid le haghaidh cártaí tuairisce: Tabhair faoi deara nach mór do gach bunscoil úsáid a bhaint as ceann de na teimpléid le haghaidh cártaí tuairisce (ar fáil ar www.ncca.ie) chun dul chun cinn an dalta agus an méid atá bainte amach acu ar scoil a thuairisciú do thuismitheoirí
- Tuairisc agus anailís a dhéanamh ar eolas measúnaithe agus úsáid a bhaint as ag leibhéal na scoile
- Tuairisciú ar an eolas ón triail chaighdeánaithe don bhord bainistíochta
- Sonraí measúnaithe a aistriú i gcásanna nuair a bhogann daltaí chuig scoil dhifriúil
- Torthaí trialach caighdeánaithe a thuairisciú don Roinn Oideachais agus Scileanna

Torthaí trialach caighdeánaithe a thuairisciú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

Tabhair faoi deara nach bhfuil sé oiriúnach i gcás leibhéal ranganna naíonán an rang iomlán a chur faoi thriail chaighdeánaithe. Má dhéantar triail chaighdeánaithe roimh dheireadh rang 1, ba chóir í a dhéanamh i ngrúpaí beaga amháin. Féach www.ncca.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

3. Teagasc Acmhainní agus Tacaíocht Foghlama

Faoi láthair tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag breathnú ar an bhféidearthacht faoi athbhreithnithe a dhéanamh ar an gcóras atá ann faoi láthair maidir le hacmhainní um Theagasc Acmhainní/Thacaíocht Foghlama a chionroinnt ar scoileanna.

Tabhair faoi deara, mar a luadh cheana in Imlitir 45/14, féadfar na sonraí trialach caighdeánaithe a chuireann scoileanna ar ais a úsáid le bonn eolais a chur faoin bhforbairt agus an cur i bhfeidhm féideartha de shamhail athbhreithnithe chun múinteoirí Teagaisc Acmhainní/Tacaíochta Foghlama a chionroinnt ar scoileanna.

4. Tacaíocht do Thuismitheoirí

Mar chuid de straitéis na Roinne chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta páistí, d'fhorbair an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh an suíomh gréasáin www.helpmykidlearn.ie. Tá roinnt moltaí ann le haghaidh gníomhaíochtaí taitneamhacha a d'fhéadfadh tuismitheoirí agus a bpáistí dul ina mbun.

Mholfaimis do scoileanna na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- nasc ó shuíomh gréasáin na scoile a chur le www.helpmykidlearn.ie (tá sé seo déanta ag cuid mhór díbh cheana féin).
- an suíomh gréasáin a lua le tuismitheoirí nua a thugann cuairt ar an scoil i mí Bealtaine/an Mheithimh.
- é a mholadh do thuismitheoirí mar fhoinse moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí taitneamhacha a d'fhéadfadh tuismitheoirí agus a bpáistí dul ina mbun.
- an fhoireann a spreagadh chun rochtain a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus é a lua ag cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí.

Chomh maith leis sin, tá póstaer agus leabhar marcanna bolscaireachta ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh ina bhfuil eolas maidir leis an suíomh gréasáin *Help My Kid Learn*, agus an chaoi inar féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim a bpáistí i rith an tsamhraidh. Más mian leat pacáiste bolscaireachta saor in aisce a ordú do do scoil, cuir ríomhphost chuig mmurray@nala.ie.

5. Tacaíocht na Leabharlann Poiblí do Scoileanna

Cuspóir de straitéis leabharlainne poiblí 2013-2017 *Deiseanna do Chách* is ea bunú cur chuige chomhoibríoch le tacaíocht oideachais agus ábhair léitheoireachta mar chaitheamh aimsire a sholáthar idir scoileanna agus leabharlanna poiblí. Aithníodh agus comhaontaíodh go náisiúnta líon seirbhísí caighdeánacha a chuirfidh na leabharlanna poiblí uile ar fáil do bhunscoileanna. Tugtar achoimre de na seirbhísí seo thíos.

Cuireann an leabharlann phoiblí réimse leathan acmhainní agus gníomhaíochtaí ar fáil a bhfuil mar aidhm acu chun tacú le bunscoileanna agus scileanna litearthachta, uimhearthachta, cruthaitheachta agus cumarsáide na bpáistí á bhforbairt acu. Ag tógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana féin idir scoileanna agus leabharlanna d'fhéadfadh tairbhí móra a bheith ann do leabharlanna poiblí agus bunscoileanna.

Aimsíodh an ceantar bunscoileanna do gach brainse leabharlainne. Tá an t-eolas seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na leabharlann poiblí ar www.librariesireland.ie/services-to-schools

Cuirfidh gach brainse leabharlainne chomhpháirtíochta na seirbhísí ar fáil a bhfuil achoimre díobh tugtha thíos agus rachaidh siad i gcomhairle le gach bunscoil le linn na scoilbhliana. I gcás scoileanna áirithe, beidh roinnt de na seirbhísí á soláthar ag an leabharlann taistil, veain leabharlann na scoile nó trí cheanncheathrú na leabharlainne, a shocrófar de rogha áitiúil. Faoin gcur chuige comhoibríoch, rachaidh gach seirbhís leabharlainne i dteagmháil le príomhoide na scoile go luath amach anseo, agus arís i dtreo thús gach scoilbhliana.

Leis an teagmháil seo, cuirfear eolas ar fáil maidir leis na seirbhísí agus acmhainní leabharlainne atá ar fáil do gach scoil.

I measc réimse na seirbhísí leabharlainne a chuirtear ar fáil do bhunscoileanna tá na cinn seo a leanas:

- Cuairteanna ranga ó bhunscoileanna a éascú, a eagraítear go háitiúil roimh ré
- Cárta tiomnaithe don mhúinteoir a chur ar fáil ar iarratas do gach múinteoir i ngach bunscoil ionas go beidh gach múinteoirí in ann earraí a fháil ar iasacht dá rang
- Cur i láthair a dhéanamh maidir leis na seirbhísí leabharlainne do gach scoil, de réir iarratais ón scoil, ag tráth atá comhaontaithe leis an bpríomhoide, mar chuid den oiliúint inseirbhíse. D'fhéadfaí an cur i láthair a éascú sa scoil agus d'fhéadfaí é a dhéanamh do mhúinteoirí, daltaí agus/nó tuismitheoirí. D'fhéadfadh scoileanna teacht le chéile i ngrúpa don chur i láthair seo, más mian leo.
- Na nithe seo a leanas a chur ar fáil:
 - Ábhair tacaíochta curaclaim agus léitheoireachta
 - Acmhainní foghlama ar líne
 - Acmhainní agus ábhair tagartha chun tacú le tionscadail scoile
- Spás léitheoireachta a chur ar fáil do pháistí agus rochtain ar acmhainní leictreonacha i ngach seirbhís leabharlainne chomhpháirtíochta
- Acmhainní tagartha agus cúnamh taighde a chur ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí d'obair thionscadal scoile
- Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir leis an réimse acmhainní leabharlainne agus na gníomhaíochtaí atá ar fáil chun tacú le forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bpáistí
- Cláir agus tionscnaimh leabharlainne a chur ar fáil go leanúnach i rith na bliana, lena n-áirítear clár gníomhaíochtaí samhraidh gach bliain, chun tacú le forbairt leanúnach scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bpáistí
- Rochtain a chur ar fáil ar réimse leathan d'ábhar stairiúil maidir leis an gceantar áitiúil, léarscáileanna, grianghraif, cáipéisí agus eolas san áireamh.

6. Athbhreithniú ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta

San fhoilseachán i mí Eanáir 2015 de thorthaí na Measúnuithe Náisiúnta ar an Léitheoireacht i mBéarla agus ar an Matamaitic a bhí an-dearfach, léirítear gur comhlíonadh na spriocanna uile ar an iomlán ag

an leibhéal bunscoile, a leagadh amach sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta a foilsíodh i 2011. Agus fáilte curtha roimhe seo, tá an t-athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a bhí beartaithe do 2016 tugtha chun tosaigh anois do 2015. Agus athbhreithniú eatramhach 2015 á dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta beidh an deis ann spriocanna nua a bhunú atá le baint amach a chuirfidh lenár n-ionchais agus ár n-uaimhianta dár n-aos óg uile idir seo agus 2020.

Moltar do scoileanna féachaint ar www.education.ie go rialta le haghaidh nuachta maidir le tuilleadh forbairtí.

Breda Naughton
Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim & Measúnachta
Aibreán 2015

Aguisín

TREOIR CÉIM AR CHÉIM MAIDIR LE TUAIRISCEÁIN A UASLÓDÁIL (Scoilanna Speisialta agus Scoileanna Naíonáin – Féach thíos)

D'fhonn na tuairisceáin a uaslódáil, **comhlánaigh go hiomlán** na céimeanna seo a leanas, le do thoil:

IONTRÁIL SONRAÍ

1. Ba chóir don duine ainmnithe atá freagrach as **iontráil sonraí** i do scoil logáil isteach ar an tairseach Esinet, cliceáil ar 'Tuairisceáin Litearthachta agus Uimhearthachta', agus ansin ar 'Iarratas CAP', sula gcuirtear isteach torthaí na dtrialacha ar an bhfoirm ar an scáileán, agus ansin '**Cuir isteach**' a chliceáil.
2. A luaithe is a iontráiltear na scóir, ba chóir don duine a dhéanann na sonraí a iontráil logáil amach.

AN TÉ ATÁ FREAGRACH AS FAOMHADH

3. Ba chóir don duine ainmnithe atá freagrach as **faomhadh** a dhéanamh logáil isteach ar an tairseach Esinet ansin, cliceáil ar 'Tuairisceáin Litearthachta agus Uimhearthachta', agus ansin ar 'Iarratas CAP'.
4. Má tá an duine ainmnithe atá freagrach as faomhadh sásta gur iontráladh na scóir chearta, ba chóir dó/dí '**Faomh**' a chliceáil.
5. Tiocfaidh teachtaireacht aníos a rá 'Go raibh maith agat. Ceadaíodh do thaifid'.
6. Ba chóir don duine ainmnithe atá freagrach as faomhadh '**Críochnaigh**' a chliceáil ansin.

Tabhair d'aird ar na pointí seo a leanas maidir leis na tuairisceáin a uaslódáil ar an tairseach Esinet:

- Ní mór na tuairisceáin uile a chur isteach **ar líne**. **Ní** dhéanfar tuairisceáin a fhaightear tríd an bpost a phróiseáil
- Ba chóir don duine atá ainmnithe le sonraí a iontráil na tuairisceáin a chur isteach **agus** ansin ba chóir dóibh a bheith ceadaithe ag an duine ainmnithe atá freagrach as faomhadh
- **Ní** thiocfaidh na tuairisceáin atá curtha isteach aníos ar an liosta faofa de na Córais Éileamh Ar Líne (**OLCS**). Ní mór don duine ainmnithe atá freagrach as faomhadh logáil isteach san iarratas agus na sonraí a cheadú.

NÓTA TÁBHACHTACH DO SCOILEANNA SPEISIALTA: ROGHA TUAIRISCEÁIN 'NIALAS'

I gcás scoileanna speisialta, má cheapann príomhoide na scoile, go bhfuil míchumas foghlama nó coirp ag na daltaí iomchuí uile a chuirfeadh cosc orthu na trialacha a dhéanamh, ligeann an córas duit tuairisceán **NIALAS** a dhéanamh anois. Sa chás seo, **ná iontráil sonraí ar bith (nialais san áireamh)** sna leibhéil STen. Roghnaigh an rogha **NIALAS** ar an gcéad leathanach.

NÓTA TÁBHACHTACH DO SCOILEANNA NAÍONÁIN

Ós rud é nach bhfuil daltaí ag scoileanna naíonáin i rang a dó, rang a ceathair ná i rang a sé, níl aon tuairisceán de dhíth. Má logálann scoil naíonáin isteach ar an gcóras, Ní aithneoidh an córas an scoil, Má tá amhras ar bith ar a leithéid scoile, téigh i dteagmháil le literacynumeracy1415@education.gov.ie le do thoil.